

AN FEAR A RAIBH AN CAT AR A DHUBHÁN.

Bhí an Séamus Mhac Thuathaláin seo ina chomhnaidhe i mBaile an Tighe Mhóir. As Carna aniar tháinig sé i dtús a shaoghail. Ní raibh aon mhaith ag dhul ag innseacht tada dhó ach an rud a cheapadh sé féin. Is aige a bhí an mheabhair cinn, a Mhic Dé. Ní fhaca sé urlár teach na sgoile ariamh. D'innseochadh sé dhuit cé mhéad taoille a chuaidh isteach agus amach le céad bliain agus sé an chaoi a ndéanfadh sé suas duit é trí thaoille a dhul isteach is amach i n-éadan gach aon ceithre uaire fichead. D'innseochadh sé dhuit cé mhéad athrú a dhéanfadh an ghaoth i éadan gach uile lá ins an tseachtain. Choinneochadh sé sin ina chloigeann.

Ní raibh áird ar Aifreann ná ar ord aige. An fear a chloisfeadh sé a ghoidfeadh aon phioc ní bheannóchadh sé i mbóthar nó i mbealach dó. Dá mbeadh sé gan a fhágáil ar an mbóthar ach cnaipe nó sgian bheadh sé ar siubhal go ndéanfadh sé amach an t-úinéarach. Níor iarr sé ariamh ach dhá uair le codladh. Bíodh gnaithe aige ann nó bíodh, ag an gcladach a thiubhradh sé aghaidh ar maidin, dhá bhfaghadh sé feamainn le cur suas ní iarrfadh sé a dhul abhaile i gcionn bricfeasta. Shiubhladh sé thart ins an bhfeamainn ag cuartú dilisg. Bheadh sé dhá ithe sin mar a bheadh bó ag ithe bráiste. Nuair a bheadh an lá déanta aige gabhadh sé abhaile. Bhuaifadh sé síos a phota fataí dó féin, a chuid bainne, a chuid uibhecha agus a chuid éisg. Ná cainnt ar arán ná taé leis ach a chuid starabout mine choirce ag dhul a codladh dó. Bhí sé chomh láidir le bulán. Nuair a gabhadh chuile theach sa mbaile chun suaimhnis sin é an uair a thosuigheadh se ag nigheachán. Ní raibh aon chailín óg i Salerna a bhí indon tuar éadaigh a chur amach chomh glan leis, ná bhí indon dul tríd coinneog bhainne chomh glan leis. Níor dhíol sé im ná uibheacha ariamh, nuair a bhíodh sé ag ithe an ime sé an t-ainm a thiubhradh sé air "ola an chroidhe." Ní raibh aon fhear sa gcondae is fearr a bhí dhá bheathú féin ná é de dhuine bhocht. Ceannuigheadh sé banbh, choinnigheadh sé é i n-imheacht aon mhí déag. D'imthigheadh sé annsin agus gheibheadh sé búistéara a dtugtaí Mairtín Seoighe air. Mharbhuigheadh Máirtín Seoige an mhuc sin dó agus shailleadh sé dhó í. Chrochadh sé suas dó féin í go mbeadh sí ina bagún aige. A bhlaís sin ní bhfuigheadh aon Chríostaidhe dá dtáinig as an talamh ach é féin agus phéire gadhar. Nuair a bheadh sé tuirseach dhe sin gabhadh sé ar ithe iasg. Níor bhuail pian ná tinneas ariamh é nó go raibh sé in-am ag Dia fios a chuir air. Thagadh fear den bhaile isteach go dtí é sa gCarghaos agus ba éard a bhí ann Aoine. "A Shéamus," adeir sé nach í indiu an Aoine?" "Sí," adeir Seamus, "agus i mbárach Dia Sathairn." "Nach bhfuil fhios agat," adeir an fear, go bhfuil trosgadh ar an lá indiu agus geis." "Tá" adeir Séamus, "ar an té nach mbeadh aon ghreim le n-ithe aige." "Tá sé peacúach a bheith ag ithe feola indiu," adeir an fear eile "níor chuala mé ariamh," adeir Séamus "gur dhiúltaigh Dia aon duine mar gheall ar an méad a

d'íosfadh sé ach chuala mé gur dhiúltaigh sé daoine mar gheall ar an méad a d'óladar." Ní raibh gnaithe agat a dhul ag cainnt leis.

Dá n-abruigheadh na sgoracha leis lá fhéil Stiofáin fág seo go n-ólamuid leath-ghalún," ó aDhia," a deireadh Séamus," dhá thuistiún ar leath-ghalún agus trí bhuilín le fágáil ar dhá thuistiún." "Muise go bhfága sibh mo chiall agam, ach ní ghabhfadh sé taobh amuich de'n dorus. Ní ghabhfadh sé go dtí an t-Aifreann. Tháinig sagart óg sa bpobal, hinnsigeadh dó go raibh a leitheid seo sa bpáráiste, nach raibh sé ag dul ag Aifreann, ná ag órd, ach théidheadh sé ag faoistin agus cumaoineach faoi dhó sa mbliain, faoi Cháisg agus faoi Nodlaig. Nuair a tháinig an sagart go dtí é,

"cén t-ughdar," adeir sé, nach bhfuil tusa ag dhul ag an Aifreann?" adeir sé. "Níl aon duine agam, a Athair, ach mé féin le dhul i ndiaidh bó nó gabhann dom."

"Dá mbeadh an fhuip agam," adeir an sagart, "chaithfinn í go dtí áit láimhe ort." "M'anam nach gcaitfeá," adeir Séamus, "nach teann an mhaise duit í?" Rug sé ar ghreim piobáin ar an sagart. Marach fear eile a bhí ina sheasamh ann ní leigfeadh sé amach an ghreim nó go dtachtadh sé an sagart. "Níor cheart dhuit an sagart a bhualadh," adeir an fear leis. "Níor bhuaill mé é," adeir Séamus, "nár leigidh Dia é.

ní hionann bualadh is tachtadh." D'imthigh le gach aon duine acab ina bhealach féin. Faoi cheann sgathaimh ina dhiaidh sin chuaidh sé Domhnach ag an gcladach. Chonnaic sé caladh feamainne. D'ionnsuigh sé í agus chuir sé an bhrúach í. Thriomuigh sé í bhí suas is anuas le ceithre sgór de bhunchoca feamainne aige, tuairim cúpla céad in chuile cheann aca. Dubhairt fear comharsan go mba cheart gan fear a fhágáil aige ach cion duine, dubhairt an mhuintir eile gan bacadh leis.

Tháinig aon oidhche amháin gan gaoth gan gála le lagair taoille agus mallmhuir, níor fágadh an oiread aige agus thubhradh sé leis faoi na easgail. Níor fachthas a dubh ná a dath ná a tuairisg i lochán, i sgailp ná in ábhach ach ón lá sin go ndeachaidh sé i dtalamh. Níor fhan sé Domhnach na lá saoire ón Aifreann, agus níor chuir sé sop feamainne suas, ná buille maitheasa aon Domhnach.

Bhinn bodhar ag an bhfear seo sa gcurrach. Chaithfeá stiúradh an bháid a thabhairt dhó. Dhéanadh sé a chomhairle féin sa mbád nuair a d'árduigheadh an taoille, leigint léithe, agus nuair a lagadh an taoille, baint di, tarraingt aníos an téad ancaire, bhínn bodhar aige. Bhí áit thíos leis an gcladach dhe mhóinfhéar agus bhí clais mór uisge ann.

Ins an tseanaimsir bhíodh líon dhá bháthadh ann. Is ann a bhíodh muintir na mbailteacha ag báthadh cat. Nuair a d'imthigh an bheirt aca san síos go dtí an bád, Séamus Mhac Thuathaláin agus Tomás Mhac Thuathaláin, chuaidh mise síos le fánaidh ag iarraidh na maidí rámha. Chonnaic mé na cait i mbarr an uisge. Fuair mé píosa canbháis de chraiceann curach. Thóg mé ceann de na cait. Chuir mé sa gcliabh é faoi mo chuid druife (drughanna). Bhí fios am go rí mhaith nach mórán achair a bhímís amuich, mar bhí sé ar phoinnte taoille tuile. Chuamar amach. Ní leigfeadh Séamus aon duine chun deire an bháid ach é féin –

mar atá bualadh an éisg i gcomhnaidhe i ndeire an bháid, nó i ndeire na curaighe agus sé an t-ughdar é sin, tá gabhail an tsrutha chun deiridh agus ins an shruth go bráthach atá an

breac. Bhíodh dhá dhorugha leighthe amach i gcomhnaidhe aige mar bhí an deis aige-san. “Glionndailidhidh suas anois,” adeir sé, “cúpla feadh, tá mise ag dul ag leigint leis an téad.” Nuair a chuaigh sé tharm-sa amach ag dhul chun cinn ní rinne mé ach ceann dá cuid druife a tharraingt, breith ar an gcat as an gcléibhín, an dubhán íochtarach a chur amach trí n-a dhá shúil an drugha a sgaoileadh síos agus go mín réidh socair. Nuair a tháinig seisean aniar go tráthúil

rug sé ar an dorugha eile agus go tráthúil bhí blátháinín ballaigh air tuairim punt meadhachain. “Chuile tharraingt,” adeir sé ach an tarraingt fholamh.” “Sílim anois gur cheart duit-se a bheith feannta,” adeir sé, “leis an dorugha eile.” Nuair a thug sé air d’airigh sé an meadhachan. “Ha hae” adeir sé. Nuair a tharraing sé isteach é – bhí sé geamh-chaogh – chroch sé suas é (an cat) agus bhreathnuigh sé go grinn géar air. D’athruigh sé thart anonn ar an teile, bhreathnuigh arís air, leis an tsúil eile. Ní dhearna sé ach an cat a leigin amach den tslat an sgian a thabhairt do’n dorugha agus a sgaoileadh síos. Rinne sé grusgán cainnte ach ní raibh fhios againn céard dubhairt sé. Bhí faitchíos orainn fiafruighe dhe céard a bhí air. “Glionndailidhidh suas go beo,” adeir sé. Bhfuil tú ag dul a déanamh malrait bradhidhte?”

“Támuid ag dhul abhaile,” adeir sé. Chuaigh sé amach chun cinn agus tharraing sé aníos. Nuair a chuamar isteach ar an gcarraig: “nach fearr dúinn a dhul amach arís a Thomáis,” adeirim-se.

“Ná teidhidh a dhreatháir,” adeir Séamus,” thug mise an diabhal isteach ar mo dhubhán faoi na ceithre cosa, ach dá bhfeiceadh sibh a chloigeann,” adeir sé,” níorbh fhearrde sibh é. Níor facthas ar aon fhairrge é ón lá sin go ndeachaidh sé i dtalamh agus gur dhún Dia a shúile.

21/4/30.